IARSCRÍBHINN IV

# TUAIRISCIÚ DO SHOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ CRIPTEASHÓCMHAINNÍ – TREORACHA

**Clár ábhar**


CUID I: TREORACHA GINEARÁLTA .................................................................... 2

I. STRUCHTÚR .............................................................................................. 2

II. RAON FEIDHME AN TUAIRISCITHE ..................................................................... 2

CUID II: FAISNÉIS MAIDIR LE SEALBHÓIRÍ (S 06.01 AGUS S 06.02) .................... 3

III. BARÚLACHA GINEARÁLTA FAOI THEIMPLÉAD S 06.01......................................... 3

IV. TREORACHA A BHAINEANN LE STAIDEANNA SONRACHA THEIMPLÉAD S 06.01............ 3

V. BARÚLACHA GINEARÁLTA FAOI THEIMPLÉAD S 06.02.......................................... 4

VI. TREORACHA A BHAINEANN LE STAIDEANNA SONRACHA THEIMPLÉAD S 06.02............ 5

CUID III: FAISNÉIS MAIDIR LE HIDIRBHEARTA (S 07.05)...................................... 6

VII. BARÚLACHA GINEARÁLTA FAOI THEIMPLÉAD S 07.05.......................................... 6

VIII. TREORACHA A BHAINEANN LE STAIDEANNA SONRACHA THEIMPLÉAD S 07.05 ........... 7

## CUID I: TREORACHA GINEARÁLTA

I. Struchtúr

1. Tá treoracha san Iarscríbhinn seo maidir le tuairisciú na dteimpléad le haghaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní.

2. Tagraítear san Iarscríbhinn seo do dhá thacar teimpléad dhifriúla:

(a) faisnéis maidir le sealbhóirí (S 06.01 agus S 06.02)

(b) faisnéis maidir le hidirbhearta (S 07.05)

3. Cuirtear tagairtí dlí ar fáil i gcomhair gach teimpléid, más cuí. Áirítear sa chuid seo de na Treoirlínte tuilleadh faisnéise mionsonraithe maidir le gnéithe níos ginearálta den tuairisciú ar gach bloc teimpléad agus treoracha maidir le staideanna sonracha.

4. Cloítear leis an nodaireacht ghinearálta seo a leanas sna treoracha: {Teimpléad; Ró; Colún; z-ais}.

II. Raon feidhme an tuairiscithe

5. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an fhaisnéis a shonraítear san Iarscríbhinn seo a chur ar fáil do na heisitheoirí. Ba cheart dóibh an fhaisnéis a roinnt leis na heisitheoirí comharthaí ríomh-airgid a thagraíonn d'airgeadra oifigiúil Ballstáit den Aontas, cé is moite de theimpléad S 07.05, inar cheart gach eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid a bheith faoin raon feidhme.

6. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní teimpléid na hIarscríbhinne seo a chur isteach ar bhonn ráithiúil, leis na dátaí tagartha seo a leanas – an 31 Márta, an 30 Meitheamh, an 30 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na teimpléid sin a chur isteach faoin 21 Aibreán, an 21 Iúil, an 21 Deireadh Fómhair agus an 21 Eanáir faoi seach.

7. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na teimpléid san Iarscríbhinn seo a chur ar fáil do na heisitheoirí faoi seach ar leithligh do gach comhartha faoin raon feidhme, ag léiriú don eisitheoir cén comhartha is ábhar don aighneacht ar leith tríd an gcód aitheantais, tagairt nó ainm an chomhartha a léiriú, i gcás ina bhfuil a leithéid ar fáil bunaithe ar pháipéar bán foilsithe an chomhartha i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2023/1114[1].

[1] Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoir 2013/36/AE agus Treoir (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch 40).

## CUID II: FAISNÉIS MAIDIR LE SEALBHÓIRÍ (S 06.01 agus S 06.02)

III. Barúlacha ginearálta faoi theimpléad S 06.01

8. Tá an fhaisnéis is gá atá le cur faoi bhráid na n-eisitheoirí le fáil i dTeimpléad S 06.01, ionas gur féidir le heisitheoirí líon na sealbhóirí a ríomh go cruinn le haghaidh theimpléad S 01.00 na n-eisitheoirí de réir Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2902 ón gCoimisiún.[2] Níor cheart ach na sealbhóirí sin ar daoine dlítheanacha iad a bheith san áireamh i dTeimpléad S 06.01.

9. Ba cheart go mbeadh faisnéis le fáil sa teimpléad seo amhail ag deireadh an dáta tagartha, de réir theimpléad S 01.00 'Líon na sealbhóirí – ar an dáta tagartha' atá le cur faoi bhráid na n-eisitheoirí mar a léirítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II de Rialachán Cur Chun Feidhme an Choimisiúin (AE) 2024/2902. Ba cheart tír shealbhóra a chinneadh de réir shuíomh an tsealbhóra mar seo a leanas: i gcás daoine dlítheanacha, seoladh na hoifige cláraithe.

IV. Treoracha a bhaineann le staideanna sonracha Theimpléad S 06.01

| Colún | Tagairtí dlí agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **<u>Ainm</u>**<br>Ainm cláraithe oifigiúil daoine dlítheanacha, lena n-áirítear aon tagairt don chineál cuideachta i gcomhréir le dlí náisiúnta na gcuideachtaí, i gcomhréir leis an aitheantóir uathúil a sholáthraítear don sealbhóir i gcolún 0020 den teimpléad seo. |
| 0020 | **<u>Cód</u>**<br>Ní mór go mbeadh cód atá ina chuid d'aitheantóir ró uathúil do gach eintiteas tuairiscithe. Ba cheart go mbeadh an cód uathúil agus in úsáid go comhsheasmhach sna teimpléid ar fad agus le himeacht ama. Ba cheart go mbeadh luach luaite leis an gcód i gcónaí.<br>Cód an tsealbhóra, amhail cód aitheantóra eintitis dhlítheanaigh (LEI) le haghaidh daoine dlítheanacha, nó aon aitheantóir oifigiúil eile is infheidhme atá ar fáil. Má tá LEI ar fáil, ba cheart an LEI sin a thuairisciú.<br>Chun próiseas réitigh sonraí na n-eisitheoirí a éascú, cuirfear an cur chuige seo a leanas san áireamh agus an cód á thuairisciú. Tá liosta ann ina bhfuil cineálacha difriúla cód d'eintitis dhlítheanacha. Ba cheart go dtuairisceodh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an chéad chineál cóid atá ar fáil ón liosta a shonraítear i gcolún 0030, ag tosú ón gcéad rogha ar an liosta, agus ansin ag bogadh síos, rogha i ndiaidh rogha, don chuid eile de na roghanna, i gcás nach bhfuil an cineál aitheantóra sin ar fáil don sealbhóir. |
| 0030 | **<u>Cineál cóid</u>**<br><u>Cineálacha cód daoine dlítheanacha:</u><br>1. cód aitheantóra eintitis dhlítheanaigh (LEI) |

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2902 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2024 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha agus le comharthaí ríomh-airgid atá ainmnithe in airgeadra nach airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit é (IO L, 2024/2902, 28.11.2024).

| | |
|---|---|
| | 2. uimhir chlárúcháin náisiúnta oifigiúil nó Aitheantóir Uathúil Eorpach (EUID) a chuirtear ar fáil faoi Threoir (AE) 2017/1132[3]<br>3. uimhir chánach chláraithe oifigiúil<br>4. cineál uimhreach aitheantais eile<br><br>Ba cheart an cineál cóid a thuairisciú i gcónaí. |
| 0040 | **<u>Miondíola/Neamh-mhiondíola</u>**<br><br>Cuir 'Miondíola' nó 'Neamh-mhiondíola' san áireamh, bunaithe ar an sealbhóir atá faoin raon feidhme.<br><br>Ba cheart 'Miondíola' a chur san áireamh i gcás ina gcáilíonn an sealbhóir atá faoin raon feidhme mar shealbhóir miondíola, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe 37, de Rialachán (AE) 2023/1114.<br><br>Ba cheart 'Neamh-mhiondíola' a chur san áireamh seachas sin. |
| 0050 | **<u>Tír</u>**<br><br>Cuir ainm thír an tsealbhóra atá faoin raon feidhme ar fáil, i gcomhréir le mír 9 den Iarscríbhinn seo. |

| Ró | Tagairtí dlí agus treoracha |
|---|---|
| Ba cheart go leithdháilfeadh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ró amháin ar gach sealbhóir sonrach atá faoin raon feidhme. | |

V. Barúlacha ginearálta faoi theimpléad S 06.02

10. Tá an fhaisnéis is gá atá le cur faoi bhráid na n-eisitheoirí le fáil i dTeimpléad S 06.02, ionas gur féidir le heisitheoirí líon na sealbhóirí a ríomh go cruinn le haghaidh theimpléad S 01.00 na n-eisitheoirí de réir Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2902 ón gCoimisiún. Níor cheart ach na sealbhóirí sin ar daoine nádúrtha iad a bheith luaite i dTeimpléad S 06.02.

11. Ba cheart go mbeadh faisnéis le fáil sa teimpléad seo amhail ag deireadh an dáta tagartha, de réir theimpléad S 01.00 'Líon na sealbhóirí – ar an dáta tagartha' atá le cur faoi bhráid na n-eisitheoirí mar a léirítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II de Rialachán Cur Chun Feidhme an Choimisiúin (AE) 2024/2902. Ba cheart tír sealbhóra a chinneadh de réir shuíomh an tsealbhóra mar seo a leanas: i gcás daoine nádúrtha, a n-áit ghnáthchónaithe.

12. Chun an CONCAT haiseáilte a thuairisciú le haghaidh gach sealbhóra, ba cheart an cur chuige thíos a leanúint le haghaidh sealbhóirí ar daoine nádúrtha iad i gcolún 0010:

(a) Ar an gcéad dul síos, ba cheart an duine nádúrtha a shainaithint trí úsáid a bhaint as a gcód CONCAT, toradh chomhchaitéiniú na n-eilimintí seo a leanas san ord seo a leanas:

[3] Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46).

i. alfa-2 ISO 3166-1 (cód tíre dhá litir) náisiúntacht an duine nádúrtha;

ii. dáta breithe an duine nádúrtha san fhormáid BBBBMMLL;

iii. na chéad chúig charachtar den chéad ainm; agus

iv. na chéad chúig charachtar den sloinne.

Ní mór réimíreanna le hainmneacha a eisiamh, agus tá '#' le ceangal le céadainmneacha agus le sloinnte atá níos giorra ná cúig charachtar chun a áirithiú go mbeidh cúig charachtar i dtagairtí d'ainmneacha agus do shloinnte i gcomhréir le mír 12(a)(iii) agus (iv). Tá na carachtair go léir le bheith sa chás uachtair. Níor cheart uaschamóga, aicinn, fleiscíní, marcanna poncaíochta ná spásanna a úsáid. Mar shampla, is é seo a leanas cód CONCAT Jañe Döe, a rugadh ar an 1 Eanáir 1910 agus ag a bhfuil náisiúntacht Shualannach: SE19100101JANE#DOE##.

(b) Tar éis dóibh an cód CONCAT a fháil, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní faisnéis phearsanta shealbhóir an chomhartha a anaithnidiú trína próiseáil trí Algartam Haiseála Caighdeánaithe 256 (SHA-256). Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní tuairisciú a dhéanamh ansin i gcolún 0010 ar an CONCAT haiseáilte mar a thugtar air, toradh an chóid CONCAT a bhfuil cur síos déanta air i mír 12(a) thuas, arna phróiseáil trí algartam SHA-256. Mar shampla, is é seo a leanas luach haiseáilte chód CONCAT Jañe Döe a bheadh le tuairisciú: 61d0ca6dbc632b379d6c8f57705bd7e6b13daf37d9398605cc2a252be75fdecb.

VI. Treoracha a bhaineann le staideanna sonracha Theimpléad S 06.02

| Colún | Tagairtí dlí agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **CONCAT haiseáilte**<br>CONCAT haiseáilte na ndaoine nádúrtha, ag teacht leis an gcur chuige a ndearnadh cur síos air i mír 12. |
| 0020 | **Miondíola/Neamh-mhiondíola**<br>Cuir 'Miondíola' nó 'Neamh-mhiondíola' san áireamh, bunaithe ar an sealbhóir atá faoin raon feidhme.<br>Ba cheart 'Miondíola' a chur san áireamh i gcás ina gcáilíonn an sealbhóir atá faoin raon feidhme mar shealbhóir miondíola, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe 37, de Rialachán (AE) 2023/1114.<br>Ba cheart 'Neamh-mhiondíola' a chur san áireamh seachas sin. |
| 0030 | **Tír**<br>Cuir ainm thír an tsealbhóra atá faoin raon feidhme ar fáil, i gcomhréir le mír 11 den Iarscríbhinn seo. |

## CUID III: FAISNÉIS MAIDIR LE hIDIRBHEARTA (S 07.05)

VII. Barúlacha ginearálta faoi theimpléad S 07.05

13. Áirítear i dTeimpléad S 07.05 faisnéis maidir le líon iomlán agus luach comhiomlán iomlán na n-idirbheart le linn na tréimhse tuairiscithe a bhaineann lena n-úsáidí mar mhodh malartaithe agus a mheastar a bheith ina n-insreabhadh chuig an Aontas nó ina n-eis-sreabhadh ón Aontas. Beidh an fhaisnéis sin a chuirtear ar fáil do na heisitheoirí ábhartha don mheasúnú ar shuntas i gcomhréir le hAirteagal 43(1)(e) agus mar a shonraítear tuilleadh in Airteagal 2(1)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1506 ón gCoimisiún[4].

14. Chun críche an teimpléid seo, ba cheart go mbeadh na hidirbhearta sin atá faoin raon feidhme a shainmhínítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2023/1114 agus a shonraítear tuilleadh sna caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 22(6) de Rialachán (AE) 2023/1114 mar idirbhearta a bhaineann lena úsáidí mar mhodh malartaithe.

15. Ba cheart go leanfadh an teimpléad seo na ceanglais, an mhodheolaíocht agus an raon feidhme a leagtar amach sna caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 22(6) de Rialachán (AE) 2023/1114, cé is moite de na sonraíochtaí seo a leanas:

(a) Maidir leis an teimpléad seo, ba cheart gurb iad na comharthaí atá faoin raon feidhme na comharthaí sócmhainn-tagartha agus na comharthaí ríomh-airgid go léir, lena n-áirítear comharthaí ríomh-airgid a thagraíonn d’airgeadra oifigiúil Ballstáit den Aontas.

(b) Maidir leis an teimpléad seo, tá íocaí nó íocóir an idirbhirt lonnaithe laistigh den Aontas. Nuair is é an t-íocóir an duine atá lonnaithe san Aontas, tá na hidirbhearta sin le cur san áireamh i ró 0020 Eis-sreabhadh ón AE. Nuair is é an t-íocaí an duine atá lonnaithe san Aontas, tá na hidirbhearta sin le cur san áireamh i ró 0010 Insreabhadh chuig an Aontas.

(c) Maidir leis an teimpléad seo, ní theastaíonn aon mhiondealú ar an limistéar airgeadra aonair.

(d) Maidir leis an teimpléad seo, ba cheart líon iomlán agus luach comhiomlán iomlán na n-idirbheart le linn na tréimhse tuairiscithe a ríomh, seachas na meánluachanna.

16. Ba cheart go leanfadh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an cur chuige thíos chun cinneadh a dhéanamh faoi na hidirbhearta atá le háireamh i raon feidhme an teimpléid seo:

(a) Idirbhearta ina ngníomhaíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní thairbhí nó íocaí an idirbhirt a bhfuil baint ag an soláthraí

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1506 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chritéir áirithe a shonrú chun comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid a aicmiú mar chomharthaí suntasacha (IO L, 2024/1506, 30.5.2024).

seirbhísí cripteashócmhainní leis. Sna cásanna sin, bíonn tionscnóir nó íocóir an idirbhirt ag idirghníomhú freisin trí sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó gan baint a bheith ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní leis nó léi, mar shampla trína t(h)iachóg neamhchoinneála.

(b) Idirbhearta ina ngníomhaíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní thionscnóir nó íocóir an idirbhirt a bhfuil baint ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní leis. Sna cásanna sin, tá tairbhí nó íocaí an idirbhirt ag idirghníomhú gan baint a bheith ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní leis nó léi, mar shampla trína t(h)iachóg neamhchoinneála. Tá na cineálacha idirbheart sin le ríomh agus le cur san áireamh don teimpléad ar bhonn na hiarrachta is fearr, i ngeall ar an bhfaisnéis theoranta a d'fhéadfadh a bheith ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní thionscnóir nó íocóir an idirbhirt faoin mbeirt shealbhóirí a bhfuil baint acu leis na haistrithe.

VIII. Treoracha a bhaineann le staideanna sonracha theimpléad S 07.05

| Ró | Tagairtí dlí agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **Insreabhadh chuig an Aontas**<br><br>Na hidirbhearta sin ina bhfuil íocaí an idirbhirt lonnaithe san Aontas agus ina bhfuil íocóir an idirbhirt lonnaithe lasmuigh den Aontas. |
| 0020 | **Eis-sreabhadh ón Aontas**<br><br>Na hidirbhearta sin ina bhfuil íocóir an idirbhirt lonnaithe san Aontas agus ina bhfuil íocaí an idirbhirt lonnaithe lasmuigh den Aontas. |

| Colún | Tagairtí dlí agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **Uimhir**<br><br>Líon iomlán na n-idirbheart sa tréimhse thuairiscithe. |
| 0020 | **Méid**<br><br>Luach comhiomlán iomlán na n-idirbheart sa tréimhse thuairiscithe. |